Scéalta Sacair

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scéalta sacair. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre? Féach ar na pictiúir chun cuidiú leat.

Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoi na scéalta sacair.

Ceist 2 An féidir leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

1. bad news _____
2. Champions League _____
3. among the players _____
4. missing, omitted _____
5. contemplation _____
6. add to _____
7. the World Cup _____
8. limit _____
9. presidential election _____
10. bribes scandal _____
11. suspended _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail inti.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén drochscéal a bhí ag *Manchester United* inniu?
2. Cén fáth a gcaithfidh *Manchester United* an bua a bheith acu sa Ghearmáin?
3. Cé mhéad foireann ar mhaith le FIFA a bheith i gCorn an Domhain amach anseo agus cé mhéad atá ann faoi láthair?
4. Cad a cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin FIFA inniu?
5. Cén fáth ar luadh Sepp Blatter sa mhír?

Ceist 4 '…*i mí Feabhra*…'

1. Scríobh amach míonna na bliana ar fad.

_____
Feabhra
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

2. Scríobh amach arís iad ***ach*** cuir an focal 'mí' rompu. Bí cúramach! Ní i gcónaí a bhíonn litriú na míonna mar an gcéanna tar éis 'mí'.

_____
mí Feabhra
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____
_____

Ceist 5 An tuiseal ginideach

Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach sa mhír. Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní sna bearnaí. Éist leis an tuairisc ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

Sraith (na Seaimpíní) _____
i measc (na himreoirí) _____
líon (na foirne) _____
Corn (an Domhan) _____
téarma (an t-uachtarán) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil aon suim agat i gcúrsaí spóirt? Mínigh.
2. An saothraíonn imreoirí peile an iomarca airgid, dar leat?
3. Cén réiteach atá ar mhí-úsáid drugaí i spórt, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. bad news	*drochscéala*
2. Champions League	*Sraith na Seaimpíní*
3. among the players	*i measc na n-imreoirí*
4. missing, omitted	*ar lár*
5. contemplation	*machnamh*
6. add to	*cur le*
7. the World Cup	*Corn an Domhain*
8. limit	*teorainn*
9. presidential election	*toghchán uachtaránachta*
10. bribes scandal	*scannal breabanna*
11. suspended	*ar fionraí*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Eanáir, mí Eanáir
Feabhra, mí Feabhra
Márta, mí an Mhárta (nó 'mí na Márta' – *inscne mhalartach*)
Aibreán, mí Aibreáin
Bealtaine, mí na Bealtaine
Meitheamh, mí an Mheithimh
Iúil, mí Iúil
Lúnasa, mí Lúnasa
Meán Fómhair, mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair, mí Dheireadh Fómhair
Samhain, mí na Samhna
Nollaig, mí na Nollag

Ceist 5

Sraith (na Seaimpíní)	*Sraith na Seaimpíní*
i measc (na himreoirí)	*i measc na n-imreoirí*
líon (na foirne)	*líon na bhfoirne*
Corn (an Domhan)	*Corn an Domhain*
téarma (an t-uachtarán)	*téarma an uachtaráin*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Áine Lally

Go raibh míle maith agat, a Eimear. Sacar ar dtús agus bhí drochscéala inniu do *Manchester United*, is é sin go bhfuil Louis van Gaal fágtha gan seachtar imreoir sinsearach[1] don chluiche mór i Sraith na Seaimpíní sa nGearmáin[2] amárach. I measc na n-imreoirí a bheidh ar lár, beidh Wayne Rooney, Marcos Rojo agus Phil Jones. Tá gortuithe ag cur as do Luke Shaw agus d'Antonio Valencia chomh maith. Beidh ar *Manchester United* an bua a thabhairt leo amárach lena n-áit a chinntiú i measc na sé fhoireann déag deiridh sa gcomórtas.

Tá machnamh á dhéanamh ag FIFA[3] cur le líon na bhfoirne i gCorn an Domhain le go mbeidh dhá scór foireann san iomaíocht ann. Dhá fhoireann is tríocha atá ann faoi láthair. Inniu cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin FIFA pacáiste leasuithe, ina measc go mbeadh teorainn de dhá bhliain déag curtha le téarma an uachtaráin. Beidh an chéad toghchán uachtaránachta eile ann i mí Feabhra.

Agus scéal eile a bhaineann le FIFA: tá fiosrúchán ar bun ag an FBI faoi scannal breabannaí[4], céad milliún dollar de réir chlár *Panorama* de chuid an BBC. Tuairiscítear sa gclár gur íoc comhlacht margaíochta FIFA, atá anois as feidhm, breabannaí le hoifigigh de chuid FIFA sna 1990í. Maítear sa gclár go raibh Sepp Blatter ar an eolas faoi na híocaíochtaí ach nach ndearna sé tada faoi. Tá Blatter ar fionraí óna ról mar uachtarán FIFA faoi láthair. Craolfar an clár *Panorama* anocht.

[1] *seachtar imreoirí sinsearacha* an leagan caighdeánach
[2] Córas Chonnacht
[3] *An Comhaontas Idirnáisiúnta Sacair* an teideal Gaeilge
[4] *breabanna* an leagan caighdeánach